# Ní beag easbhaidh Inse Fáil

[McKenna, L.: *The book of Magauran*, Dublin, 1947, poem 31]

Maol Seachluinn Ó hEoghasa .cc.

1 Ní beag easbhaidh Inse Fáil,
ní headh nach easbhaidh anbháil;
tug an Coimdhe do chách cor
[a fháth] nír dhoilghe dhosun.

2 Ar n-easbhaidh n-a heasbhaidh truim
ní heasbhaidh í gan fhochoinn;
do-bheir soin chách gan chuimhne
an fáth fhoil gar n-easbhaidhne.

3 Re luadh na n-easbhadh uile
mó d’easbhaidh an t-aonduine;
trom an béad rer samhladh sain
a éag as adhbhal d’easbhaidh.

4 Mág Shamhradháin an bheoil bhinn
ní beag an easbhaidh d’Éirinn;
mé [go] croidhe [gum] chneasghuin
[is é] oile ar n-aoineasbhaidh.

5 Doirbh aoinfhear mar é dh’agháil
d’éis mhúinte Méig Shamhradháin;
gan a bheith, a Dhé, gar ndíon
nocho cleith é dhar n-imshníomh.

6 Bás meic Bhriain rub úr n-ochta
tug fúinn fuath an ábhochta;
dul do sgaith Chorainn a curp
do aith orainn ar n-ábhocht.

7 Tomás mhac Briain bruinne geal
rob é coimhéad críoch nGaoidheal;
an tráth ro mhar flaith Feabhail
maith do ghabh ó Ghaoidhealaibh.

8 Do thoit eineach Inse Fáil
ar ndula mheic Bhriain bhonnbháin;
nuair do-chuaidh ceann Feimhin
do-chuaidh gach dream dheigheinigh.

9 Tomás Mág Shamhradhán shaoir
ba mhinic inn n-a fhochraoibh;
truagh mar ro-chuaidh fear Finne

uainn re headh na haislinge.

10 Nír lamh aoinfhear thiar ná thair
theacht dh’argain mheic Bhriain Bhreaghaigh
do bhí ar bhreith dó go ndeachaidh
breith a mbó ó Bhréifneachaibh.

11 Goill is Gaoidhil ag guidhe
ar anmain fhir Aolmhuighe;
maith fian Bhanbha re gach mbocht
re mian [a] anma d’fhurtocht.

12 Maith do thuar thaighe nimhe
[a] almsa is a aithrighe;
a dtug flaith Monaidh a-maigh
maith ro fhoghain dá anmain.

13 Gach neach rerbh áil a fhagháil
fuair maitheas Méig Shamhradháin;
ba mian le sgaith bhféil bhFeabhail
a mhaith féin ag fileadhaibh.

14 [A-]déar ris -  gá huair as fhearr?
dh’éigsibh Alban is Éireann
a-tá líon catha dhá chur,
a ghríobh Mhacha, gud mholudh.

15 Táinig rinn ar dtreise id thaigh,
a mheic Bhriain an bhairr leabhair;
ar dtreise, a fhir Fhinne, ort
do-bhir inne gan fhurtocht.

16 Do chrích Bhréifne leath ar leath
do chaithfeadh uile a eineach;
ní chaitheadh sé acht réidhe rinn
[is re a ré] fhéile i n-Éirinn.

17 Ní fríoth orraim d’fhior uainne
i nGlinn Ghaibhle ghéaguaine
re ndul do ghríbh Chunga ó chách,
do rígh nírbh urra a óglách.

18 A mhac féin táinig n-a theach
mar ro orduigh Dia dúileach;
do sduaigh Bhoirne nochor bhás
an t-oighre do thuair Tomás.

19 Tomás mhac Briain barr naoidhe
’s sluagh Éireann gá éagcaoine

tug a chumha do chách cor
go bráth ar ndula dhoson.

20 Iomdha tír a-tá go sé
i leon uile dhá éise;
do thraoth méad borrfaidh Bhanbha
ar n-éag d’onchoin Eachlabhra.

21 Gidh iomdha anbhuain eile
do dhíoth churadh Caoinrighe,
gidh doirbh gach ní ar ndula dhó,
an chumha ní hí as oso.

22 Do thoirrsigh daoine an domhain
cumha ghéige gormChodhail;
dubhach slógh Banbha dhá bhás,
ba mór a dtarbha ó Thomás.

23 Ar chan cách nír cheilte dhúinn
re mac mBriain an bhairr chladhúir;
“Toirseach bean ar muigh Mhumhan,
a thuir Bhreagh, ód bhaoghlughadh.”

24 Fa-ríor ní [bharr] sinn go sé
ar éis aoncharad fíre;
a-tá sinn ar ndola dhuid,
a chinn Chobha, gan charaid.

25 Ach rob iomdha ag teacht dod thaigh
dámha a hÉirinn ’s a hAlbain;
beith ar th’uaigh, a fhir Oiligh,
do-bhir uainn gan t’ionnsoidhidh.

26 Do chumhasa, a fhir Fhearta,
tug oirne easbhaidh imdheachta;
mór dhom neart do-chuaidh ar gcúl
ód leacht [bu] thuaidh ag tiompúdh.

27 Mairg a-tá mar tú dhá éis
a dtug dhúinn inn gá fhaisnéis;
fuarus gach ní ar dán a dhuan,
gé dho bhí a ndál go diombuan.

28 Diombuan bó, nír bhuaine each,
ag mac Bhriain gá mbinn buidheach;
[fuair] ba thoil ar chaith don chrudh,
maith do chaith soin an saoghul.

29 Seasg gach bó chríon i n-a choill

d’éis Mhéig Shamhradhán shúlchoirr,
uathadh gort ar a bhfuil fás
do bhuin ar dtocht do Thomás.

30 Tomás mhac Briain, barr corcra,
leannán [is] barr bantrochta,
maith a chuing do chraoibh Dhuibhe,
nír thuill aoir ná heasguine.